AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2025
COM(2025) 788 final

2025/0426 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann

{SWD(2025) 428 final}

2025/0426 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis d'Éirinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 8 Meán Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 21 Meitheamh 2024[5], an 11 Márta 2025[6] agus an 8 Iúil 2025[7].

(2) An 3 Samhain 2025, rinne Éire iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag Éirinn.

Leasuithe bunaithe Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir Éire isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 20 beart.

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
2 ST 11046/21 INIT; ST 11046/21 ADD 1.
3 ST 11336/23 INIT.
4 ST 15965/23 INIT; ST 15965/23 ADD 1.
5 ST 10262/24 INIT; ST 10262/24 ADD 1; ST 10262/24 ADD 1 COR 1.
6 ST 6318/25 INIT; ST 6318/25 ADD 1.
7 ST 10528/25 INIT; ST 10528/25 ADD 1.

(4) Mhínigh Éire nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar ghníomhaireacht cur chun feidhme chriticiúil a bheith tarraingthe siar ón scéim. Baineann sé le beart 1.2 (Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire go ndéanfaí an beart sin a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Thairis sin, mhínigh Éire nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar an mboilsciú ard san fhoirgníocht agus in ábhair thógála. Baineann sé sin le beart 1.4 (An leictriú amach anseo a chumasú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí) agus beart 2.1 (Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Thairis sin, mhínigh Éire nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar an nglacadh níos moille ná mar a bhí coinne leis ar mhaoiniú deontais. Baineann sé sin le beart 2.2 (Clár chun aistriú digiteach na fiontraíochta in Éirinn a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh Éire freisin nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar mhoilleanna gan choinne sa phróiseas toilithe. Baineann sé sin le beart 1.6 (Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(8) Tá mínithe ag Éire go bhfuil ceithre bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le beart 1.7 (Plean bainistíochta abhantraí – Clár uaillmhéine feabhsaithe, beart 2.6 (Sraith de thionscadail ríomhshláinte), beart 5.1 (Tionscal Bithmheatáin a Mhéadú in Éirinn) agus beart 5.3 (Treo-Aimsitheoir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Fuinneamh agus Dícharbónú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire na clocha míle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart i ngeall ar na roghanna malartacha sin atá níos fearr, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tá mínithe ag Éire go bhfuil ocht mbeart leasaithe chun rogha malartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le beart 1.5 (Clár Náisiúnta Mórdhúshlán), beart 1.8 (An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (leasú)), beart 2.4 (Rogha freagartha ar líne don daonáireamh), beart 2.5 (Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn), beart 3.3 (Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta), beart 3.5 (Sciúradh Airgid a Chomhrac), beart 5.2 (Bonneagar luchtaithe Dhroichead Átha), beart 5.5 (Iarfheistiú a dhéanamh ar Uimh. 6 Plás Íle) agus beart 5.6 (Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite Amach ón gCósta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(10) Tar éis leibhéal cur chun feidhme na mbeart a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag Éire úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh

trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme trí bheart a mhéadú. Baineann sé sin le beart 1.3 (Tionscadal Treo-aimsitheora Iarfheistithe na hEarnála Poiblí), beart 3.2 (Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas) agus beart 5.4 (An Clár Leathnaithe um Threo-Aimsitheoir Dícharbónaithe agus Iarfheistithe in Earnáil na Scoileanna). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Éire go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme trí bheart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

Dáileadh cloch míle agus spriocanna

(11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne thráscach a chuir Éire i láthair a chur san áireamh.

Measúnú an Choimisiúin

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 53,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 90,9 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(14) Na leasuithe a rinneadh chun imthosca oibiachtúla a chur san áireamh, ní dhéanann siad difear don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe seo ar an rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, ná d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Leis na hinfheistíochtaí suntasacha atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, cuirtear le dícharbónú an gheilleagair trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí, trí shoghluaisteacht inbhuanaithe iarnróid a chur chun cinn, trí bhithéagsúlacht a athchóiriú trí athshlánú tailte portaigh, trí chóireáil uisce a fheabhsú, agus trí thaighde agus nuálaíocht ghlas a éascú. Chuir Éire bearta san áireamh lena ndéantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an dlí aeráide agus an méadú gaolmhar ar spriocanna aeráide, agus maidir le méadú suntasach ar an gcáin charbóin thar thréimhse an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Ina theannta sin, tá sé de chuspóir uileghabhálach ag caibidil REPowerEU dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an ngníomhú ar son na haeráide trí úsáid bhreise a bhaint as fuinneamh in-athnuaite amhail bithmheatán inbhuanaithe agus fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, tomhaltas fuinnimh a laghdú trí ghníomhaíochtaí iarfheistithe sa stoc foirgneamh poiblí, agus iompar poiblí glan-nialasach a sholáthar.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a

eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 33,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(16) Na leasuithe a rinneadh chun na himthosca oibiachtúla a chur san áireamh, ní dhéanann siad difear don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe seo ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach ná d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Dírítear roinnt beart ar rannchuidiú leis an aistriú digiteach trí thacaíocht a thabhairt do dhigitiú fiontar, aghaidh a thabhairt ar riosca na deighilte digití, lena n-áirítear san earnáil oideachais, scileanna digiteacha a fheabhsú, agus tacú le bonneagar digiteach a fhorbairt agus seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar.

Costáil

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid chostas iomlán measta an phlean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(18) Tá an fhaisnéis maidir le costas a sholáthair Éire don phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe mionsonraithe agus tá bunús maith léi. Thairis sin, chuir Éire doiciméid ar leithligh isteach lena n-áirítear leaganacha níos nuashonraithe de ríomhanna costais. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais agus ar an bhfaisnéis tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart leasaithe, go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte, agus nach gcuimsíonn siad costais a chumhdaítear le maoiniú reatha ón Aontas nó le maoiniú atá beartaithe aige. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil roinnt gnéithe costála nach bhfuil doiciméadaithe go hiomlán, meastar go bhfuil an fhaisnéis go measartha soiléir, rud atá ina údar le rátáil B. Ar deireadh, tá méid chostas iomlána measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Aon chritéar measúnaithe eile

(19) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Éire chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k).

Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)

(20) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[8], mheas Éire gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas Éire, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh

[8] IO L, 2024/795, 29.2.2024.

agus athléimneachta leasaithe toisc nach raibh a dhóthain ama ann chun tionscadal den sórt sin a chur i gcrích roimh dháta deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Measúnú dearfach

(21) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Rannchuidiú airgeadais

(22) Is é EUR 1 153 797 007 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÉireann. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na hÉireann a bheith comhionann le EUR 1 153 797 007. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil d'Éirinn.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán.

(24) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÉireann ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

[9] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

Airteagal 2
Leasuithe

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann.

Airteagal 3
Seolaí

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán